Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022**
**(OR. fr, en)**

**8955/1/22**
**REV 1**

**AGRI 182**
**VETER 43**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach chun an vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach don chosc agus don rialú<br>- *Formheas* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach chun an vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach don chosc agus don rialú, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) iad
An 24 Bealtaine 2022.

**Fliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach chun an vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach don chosc agus don rialú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

(1) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur galar ainmhithe trasteorann é an fliú éanúil ardphataigineach atá in ann leathadh go han-tapa gan beann ar theorainneacha náisiúnta, agus is cúis le hiarmhairtí tromchúiseacha socheacnamaíocha, lena gcuirtear bac ar thalmhaíocht agus lena gcuirtear isteach ar thrádáil.

(2) MEABHRAÍTEAR DI, mar gheall ar chumas zónóiseach roinnt tréithchineálacha HPAI, go bhféadfadh sé sláinte an duine a chur i mbaol.

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis mhór imní di gur tharla trí mhórshéasúr eipidéime i gcríoch an Aontais Eorpaigh le dhá bhliain anuas agus gurb é an galar eipeasótach HPAI atá ann faoi láthair an ceann is déine le tamall anuas.

(4) MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle ó 2019[1], ina gcuirtear i dtábhacht an ról lárnach atá ag an mbithshlándáil agus ina moltar go ginearálta gur cheart gach iarracht a dhéanamh tabhairt isteach agus leathadh galar ainmhithe trasteorann a chosc laistigh de chríoch an Aontais chun a n-iarmhairtí a íoslaghdú.

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, anuas ar bhearta bithshlándála diana a chur i bhfeidhm, go bhféadfadh vacsaíniú na bearta coisctheacha agus rialaithe i gcoinne HPAI atá ann cheana a chomhlánú agus cabhrú leis an mbaol go leathfaidh an víreas a thuilleadh i bpobal na n-éan tí a laghdú agus, ar an gcaoi sin, cabhrú nochtadh an duine a laghdú freisin.

---

[1] ‘Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbithshlándáil, coincheap foriomlán lena ngabhann cur chuige aonadach maidir le sláinte ainmhithe a chosaint san Aontas’, a glacadh an 18 Meitheamh 2019 (10368/1/19 REV 1).

(6) Ina theannta sin, MEASANN SÍ go bhféadfadh vacsaíniú cabhrú freisin i ndeireadh na dála le laghdú a dhéanamh ar chiondíothú coisctheach líon mór éan sláintiúil chun galar eipeasótach HPAI a rialú, rud is cúis imní don tsochaí agus nach éasca a chur in oiriúint don sprioc córas Eorpach inbhuanaithe bia a fhorbairt, rud a d'fhormhuinigh an Chomhairle mar chuid de na conclúidí uaithi maidir leis an Straitéis 'Ón bhfeirm go dtí an forc'[2].

(7) MEABHRAÍTEAR DI go bhfágann caighdeáin idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe agus reachtaíocht an Aontais gur féidir vacsaíniú in aghaidh HPAI a dhéanamh cheana féin ach, ar chúiseanna éagsúla, ní dhéantar vacsaíniú den sórt sin a chleachtadh ar mhórscála. Áirítear ar na cúiseanna sin go háirithe an easpa vacsaíní éifeachtacha agus sábháilte i gcoinne HPAI a formheasadh san Aontas ach, ina theannta sin, an fhéidearthacht go bhféadfadh vacsaíniú a bheith ina bhac ar onnmhairiú éanlaithe agus táirgí éanlaithe toisc go gcuireann roinnt tríú tíortha srianta ar allmhairiú ainmhithe vacsaínithe agus táirgí a eascraíonn astu. Ina theannta sin, tá gá le tuilleadh eolais eolaíoch, lena n-áirítear measúnuithe riosca nuashonraithe.

**I bhfianaise an mhéid thuas,**

(8) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an bhithshlándáil agus faireachas fós mar bhunchlocha tábhachtacha sa chomhrac i gcoinne HPAI, ach MEASANN SÍ go bhféadfadh vacsaíniú a bheith ina uirlis chomhlántach ábhartha.

(9) TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun straitéisí vacsaínithe a fhorbairt maidir le cosc agus rialú HPAI, agus béim ar leith ar limistéir, speicis agus cleachtais feirmeoireachta atá i mbaol. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le hiarrachtaí i roinnt réimsí chun an sprioc sin a bhaint amach, ach CREIDEANN SÍ GO LÁIDIR gurbh fhiú go mór na hiarrachtaí sin.

---

**2** 'Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'', a glacadh an 19 Deireadh Fómhair 2020 (12099/20).

(10) IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha agus údaraithe ar vacsaíní éifeachtacha agus sábháilte do speicis éagsúla éanlaithe, lena dtugtar imdhíonacht leordhóthanach i gcoinne na dtréithchineálacha víris HPAI atá i gcúrsaíocht. Ba cheart go mbeadh na vacsaíní sin éasca a riar agus comhoiriúnach le cleachtais feirmeoireachta san Aontas. Ar aon chaoi, ba cheart go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir ainmhithe ionfhabhtaithe agus vacsaínithe. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhoibriú leis an tionscal cógaisíochta chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(11) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn na dtréithchineálacha víris atá i gcúrsaíocht agus ar aon athrú ar éifeachtúlacht vacsaíní i ndáil le haon tréithchineál nua víris.

(12) MEASANN SÍ go bhfuil sé de ríthábhacht bearnaí sna measúnuithe riosca a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun tacú le forbairt straitéisí vacsaínithe ag na húdaráis inniúla, rud atá ábhartha, agus, dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún sainordú a thabhairt don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a thuairim maidir le vacsaíniú in aghaidh HPAI a thabhairt cothrom le dáta[3]. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit forbairt uirlisí samhaltaithe a spreagadh agus tacú leo chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an vacsaínithe ar leathadh an víris agus chun straitéisí vacsaínithe a bharrfheabhsú.

(13) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún rialacha a bhunú le haghaidh faireachas iomchuí, láidir, saincheaptha chun tacú le vacsaíniú in aghaidh HPAI nuair a tharlóidh sé, d'fhonn stádas saor ó HPAI a léiriú agus na costais atá i gceist á gcur san áireamh.

(14) MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit staidéir a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chostas/tairbhe an vacsaínithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal áitiúil faoi seach.

(15) MOLANN SÍ do na Ballstáit straitéisí agus réitigh rioscabhunaithe a fhorbairt a bheadh oiriúnach dá gcineálacha agus dá gcúinsí áitiúla táirgthe.

---

[3] EFSA Journal (2007) 489, Scientific Opinion on '*Vaccination against avian influenza of H5 and H7 subtypes in domestic poultry and captive birds*' [Tuairim Eolaíoch maidir le 'Vacsaíniú i gcoinne fliú éanúil, fochineálacha H5 agus H7 in éanlaith chlóis agus éin i mbraighdeanas'] – EFSA-Q-2006-309, a glacadh an 11 Bealtaine 2007.

(16) MOLANN SÍ do na Ballstáit trialacha vacsaínithe a dhéanamh agus a dtorthaí a chomhroinnt trí chomhar eolaíoch, mar is iomchuí, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha agus bearta coisctheacha iomchuí á nglacadh chun sláinte ainmhithe agus sláinte an duine a chosaint, toisc go bhfuil na trialacha sin ríthábhachtach chun eolas eolaíoch a bhailiú agus chun tacú le straitéisí vacsaínithe a leagan síos.

(17) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na roghanna atá ann maidir le sásraí a chur ar bun do bhloc-cheannach nó do stór vacsaíní chun soláthar láidir, frithghníomhach vacsaíní a áirithiú.

(18) MOLANN SÍ do gach gníomhaire ábhartha cumarsáid ghníomhach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus é mar aidhm feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le vacsaíniú agus leis an tionchar a mheastar a bheidh aige.

(19) IARRANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha chun feabhas a chur ar inghlacthacht phrionsabal an vacsaínithe i gcoinne HPAI sa trádáil idirnáisiúnta. Chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dul i mbun idirphlé go comhpháirteach le comhpháirtithe trádála an Aontais;
- plé laistigh den Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach agus é mar aidhm caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt a thuilleadh chun trádáil shábháilte a éascú, ag tógáil freisin ar choincheapa an réigiúnaithe agus na gcatagóirithe.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treochlár oibríochtúil a fhorbairt go pras chun tacú leis an idirphlé agus leis an bplé sin.